Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

9534/26

LIMITE

CORLX 493
CFSP/PESC 732
COEST 390
FIN 729

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES[1].

(2) Chun éagsúlú na slabhraí soláthair a áirithiú d'oibreoirí an Aontais, is iomchuí maoluithe sealadacha nua a thabhairt isteach ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil d'eintiteas ainmnithe, lena gceadaítear foirceannadh oibríochtaí, conarthaí agus comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas sin agus lena gceadaítear don earnáil tionsclaíochta comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin a cheannach. Meastar go ndéanfaidh oibreoirí pleananna éagsúlaithe iomchuí a ghlacadh agus a chur chun feidhme sula rachaidh an maolú sin in éag, d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

---

[1] Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 2 de Chinneadh 2014/145/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'36. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 iad a scaoileadh faoin gceannteideal 'Eintitis' in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil fíorghá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha sin:

(a) i gcás oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 roimh an 23 Aibreán 2026 a fhoirceannadh faoin 31 Nollaig 2026 agus ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2026; nó

(b) i gcás ceannacháin tionscail comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin, agus i gcás íocaíochtaí comhfhreagracha leis an eintiteas sin d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin … *[IO: cuir isteach an dáta 9 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo]*.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC